RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/591 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Aibreán 2021

lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ("Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" (PDO))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), go háirithe Airteagal 52(3)(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 50(2)(a)) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinneadh an t-iarratas ón gCipir chun an t-ainm "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" a chlárú mar Shonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint (STFC) lena sainaithnítear táirge a bhfreagraíonn a limistéar geografach do dhromchla na Cipire a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Fuair an Coimisiún 17 bhfógra freasúra san iomlán, eadhon ó Dairy Australia (an Astráil) an 21 Deireadh Fómhair 2015; ón Consortium for Common Food Names (na Stáit Aontaithe) an 22 Deireadh Fómhair 2015; ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Ríocht Aontaithe) an 23 Deireadh Fómhair 2015; ó Milk and Oil Production and Marketing Cooperative Ltd. (an Chipir) an 26 Deireadh Fómhair 2015; ó Hayvan Ureticileri ve Yetistiricileri Birligi (an Chipir) an 26 Deireadh Fómhair 2015; ó Fatma GARANTI (an Chipir) an 26 Deireadh Fómhair 2015; ó Sut Imalatcilari Birligi (SUIB) (an Chipir) an 26 Deireadh Fómhair 2015; ó Chomhlachas Tionscail Turcach na Cipire (an Chipir) an 26 Deireadh Fómhair 2015; ón gComhlachas Tionscail Turcach Cipireach (an Chipir) an 26 Deireadh Fómhair 2015; ó Navimar Food Gida Imalati ve Gida (an Tuirc) an 26 Deireadh Fómhair 2015; ó D.M Gida Maddeleri Pazarlama Sanayi ve Ticaret Ltd. Sti (an Tuirc) an 26 Deireadh Fómhair 2015; ó Avunduk Ithalat Ihracat Gida ve Zirai Aletler Sanayi Ticaret Ltd. (an Tuirc) an 26 Deireadh Fómhair 2015; ó U.T.CO Trading Company – W.L.L. – (Cuáit) an 27 Deireadh Fómhair 2015; ó Dairy Companies Association of New Zealand (DCANZ) agus ón New Zealand Specialist Cheesemakers Association (an Nua-Shéalainn) an 27 Deireadh Fómhair 2015; ó Dr Nutrition (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) an 27 Deireadh Fómhair 2015; ó FFF Fine Foods Pty Ltd (an Astráil) an 28 Deireadh Fómhair 2015 agus ón bhFionlainn an 3 Samhain 2015.

(3) Chuir an Coimisiún na fógraí freasúra sin ar aghaidh chuig an gCipir, seachas an fógra freasúra a seoladh ón bhFionlainn agus na fógraí ón seisear daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe sa Chipir. An fógra freasúra a sheol an Fhionlainn taisceadh leis an gCoimisiún é tar éis dhul in éaga an sprioc-ama a leagtar amach in Airteagal 51(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. I gcomhréir leis an Airteagal sin, déantar daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá bunaithe nó cónaitheach sa Bhallstát ónar cuireadh isteach an nós imeachta a eisiamh ón nós imeachta freasúra toisc go raibh an deis acu cheana páirt a ghlacadh sa nós imeachta freasúra náisiúnta. Sa chás sonrach seo, rinneadh na freasúraí ón seisear daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhí bunaithe nó cónaitheach sa Chipir a dhíbhe i gcomhthéacs an nós imeachta freasúra náisiúnta tar éis scrúdú a rinneadh ar fhiúntas an fhorais le haghaidh freasúra a seoladh isteach. Dá réir sin, níor measadh na fógraí freasúra ná na ráitis freasúra réasúnaithe ina dhiaidh sin ón seisear daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhí bunaithe nó cónaitheach sa Chipir a bheith inghlactha.

(4) Fuair an Coimisiún naoi ráiteas freasúra réasúnaithe ina dhiaidh sin, eadhon ó Dairy Companies Association of New Zealand (DCANZ) agus ó New Zealand Specialist Cheesemakers Association (an Nua-Shéalainn) an 15 Nollaig 2015; ó Dairy Australia (an Astráil) an 17 Nollaig 2015; ón Ríocht Aontaithe an 21 Nollaig 2015; ón Consortium for Common Food Names (na Stáit Aontaithe) an 21 Nollaig 2015; ó Navimar Food Gida Imalati ve Gida (an Tuirc) an 21 Nollaig 2015; ó D.M Gida Maddeleri Pazarlama Sanayi ve Ticaret Ltd. Sti (an Tuirc) an 21 Nollaig 2015; ó Avunduk Ithalat Ihracat Gida ve Zirai Aletler Sanayi Ticaret Ltd. (an Tuirc) an 21 Nollaig 2015; ó U.T.CO Trading

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 246, 28.7.2015, lch. 9.

Company – W.L.L. – (Cuáit) an 21 Nollaig 2015 agus ó FFF Fine Foods Pty Ltd (an Astráil) an 24 Nollaig 2015. An fógra freasúra a thaisc Dr Nutrition (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), níor tháinig ráiteas freasúra réasúnaithe ina dhiaidh sin, dá bhrí sin meastar gur tarraingíodh siar an freasúra ina leith.

(5) Tar éis na ráitis freasúra réasúnaithe sin a scrúdú agus iad a mheas a bheith inghlactha, thug an Coimisiún cuireadh do gach ceann de na páirtithe leasmhara, i gcomhréir le hAirteagal 51(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, dul i mbun comhairliúcháin iomchuí d'fhonn teacht ar chomhaontú.

(6) Rinneadh comhairliúcháin idir an Chipir agus na naoi bhfreasúraí incheadaithe laistigh de thréimhse 3 mhí. Cuireadh síneadh aon mhíosa amháin eile leis an spriocdháta le haghaidh na gcomhairliúchán idir an Chipir agus an Ríocht Aontaithe ar iarratas ón gCipir.

(7) Níor thángthas ar aon chomhaontú laistigh den tréimhse ainmnithe in aon cheann de na naoi nós imeachta freasúra sin. Soláthraíodh an fhaisnéis a bhaineann leis na comhairliúcháin a rinneadh idir an Chipir agus na freasúraí go cuí don Choimisiún. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir leis an gclárú agus torthaí na gcomhairliúchán a chur san áireamh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 52(3)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

(8) Is féidir achoimre a thabhairt ar argóintí na bhfreasúraí a leagtar amach ina ráitis freasúra réasúnaithe agus sna comhairliúcháin a rinneadh mar a leanas.

(9) Cuirtear in iúl sa tsonraíocht táirge go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú mar STFC toisc go ndéantar an táirge lena mbaineann le bainne caorach agus gabhar a thagann ó phórtha áitiúla – caora Chíos agus gabhar na Damaisce – agus a gcrosphórtha a chuaigh in oiriúint d'aeráid an oileáin. Tugadh caora Chíos agus gabhar na Damaisce isteach sa Chipir san 1950í agus sna 1930í, faoi seach, áfach; chomh maith leis sin, níl aon fhianaise ann ar mhoirfeolaíocht shonrach, ná ar shaintréithe géiniteacha nó táirgiúla sonracha a bheith ag caoirigh Cipireacha den sórt sin. Tá agóid le déanamh i gcoinne caora Chíos de chineál Cipireach a bheith ann dá réir sin. Na caoirigh agus na gabhair a maítear ina leith go bhfuil ról tábhachtach ag a mbainne maidir le saintréithe uathúla "Χαλλούμι" (Halloumi)/ "Hellim" a chinneadh a bheith tugtha isteach le déanaí, b'údar é sin freisin chun an ársaíocht (an 16ú haois) a mhaítear leis an traidisiún gaolmhar a bhréagnú.

(10) Luaitear beatha ainmhithe a bheith ina gné ábhartha san iarratas. Ní shonraítear san iarratas, áfach, conas atá baint uathúil ag an mbeathú agus ag an innilt le plandaí na Cipire, ag cur san áireamh go gcuimsíonn limistéar geografach na hinnilte an t-oileán ar fad. Ní thugtar aon fhianaise go bhfuil na plandaí sin ar fáil ar fáil ó cheann ceann na bliana agus ar fud na Cipire. Ní thugtar aon fhianaise ar an difríocht sa bheathú i measc ainmhithe atá ar innilt ó cheann ceann na bliana, ainmhithe a ndéantar feirmeoireacht bhreacdhian orthu agus ainmhithe a ndéantar dianfheirmeoireacht orthu. Thairis sin, ní thugtar aon fhianaise go gcoinneofaí an leibhéal táirgthe cáiseanna agus an sciar de bhainne na bó sna hamhábhair á laghdú san am céanna. Ní bheadh dóthain fianaise ann go mbeadh tionchar comhsheasmhach ag an mbeathú ar cháilíocht nó ar shaintréithe na cáise a tháirgtear.

(11) A mhéid a bhaineann leis an ngné dhaonna, fiú más rud é go bhféadfadh fios gnó sonrach "Χαλλούμι" (Halloumi)/ "Hellim" a bheith bunaithe ag déirithe Cipireacha, ní dhearbhaíonn sé sin go bhfuil an nasc is gá ann idir saintréithe an táirge agus timpeallacht gheografach na Cipire chun STFC a chlárú, toisc gur féidir an fios gnó agus na modhanna táirgthe a athchruthú gach áit eile nach mór.

(12) Ní chuirtear in iúl san iarratas gur toradh é "Χαλλούμι" (Halloumi)/ "Hellim" ar "fhíormhodhanna áitiúla neamhathraitheacha" toisc gur tugadh an t-ainm sin ar chineálacha éagsúla cáiseanna a rinneadh le modhanna agus amhábhair a bhí éagsúil le himeacht ama agus atá fós ag forbairt.

(13) Tá an tsonraíocht táirge in aghaidh an táirge atá á gcur ar an margadh dáiríre: déantar formhór na cáise "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" a tháirgtear sa Chipir trí chionta agus cineálacha éagsúla bainne a úsáid, arb é bainne na bó is mó a úsáidtear lena aghaidh. Tá táscairí ann a léiríonn go mbeadh cion idir 80-95 % bainne na mbó in 95 % den "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" a tháirgtear sa Chipir faoi láthair.

(14) Ní urramaíonn an tsonraíocht táirge traidisiúin an limistéir gheografaigh iomláin atá luaite. Baineann an tsonraíocht táirge le táirge traidisiúnta a dhéantar ar fud oileán na Cipire, mar sin féin ní áirítear san iarratas saintréithe traidisiúnta sonracha na cáise a dhéanann táirgeoirí phobal Turcach na Cipire. Dá bhrí sin, leis an tsonraíocht táirge ní shainaithnítear táirge mar a chuirtear ar an margadh dáiríre ar fud an oileáin. Go háirithe, ba cheart é a bheith roghnach miontas a úsáid agus ba cheart bainne amh a cheadú.

(15) Ní thacaíonn fianaise eolaíoch le roinnt ráiteas atá san áireamh sa tsonraíocht táirge, amhail an t-éileamh go bhfuil bainne caorach agus gabhar tábhachtach do bhlas na cáise; an t-idirdhealú sa mhoirfeolaíocht den chaora Chíos de chineál Cipireach; an fíoras go ndéanann meáchan íseal móilíneach na saoraigéad sailleach difear do bhlas, do bholadh agus do chumhracht na cáise; an fíoras go bhfuil blátholaí sna plandaí eindéimeacha a luaitear mar bheatha le haghaidh ainmhithe; cibé acu atá teirpéin sa *Sarcopoterium spinosum* nó nach bhfuil agus cainníocht na teirpéine, an chaoi a ndéantar teirpéiní a aistriú ó ionghabháil *Sarcopoterium spinosum* chuig an mbainne agus chuig an gcáis halloumi ina dhiaidh sin; *Lactobacillus cypricasei* a bheith i láthair i Halloumi úr caorach agus tionchar úsáid an mhiontais úir nó thirim ar na saintréithe céadfacha.

(16) Sa tsonraíocht táirge ainmnítear Aireacht Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe agus Comhshaoil Phoblacht na Cipire a bheith ar an aon údarás inniúil amháin le haghaidh rialuithe ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht táirge i ndáil leis an limistéar geografach iomlán atá teormharcáilte. Toisc nach bhfeidhmíonn an Aireacht sin rialú éifeachtach ar fud an limistéir táirgeachta a leagtar amach sa tsonraíocht, áfach, ní dhéantar córas bailí chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht táirge a áirithiú.

(17) Ní thagraítear d'aon chomhlacht rialaithe tarmligthe sa tsonraíocht táirge. Ní dhéantar an mhainneachtain sin a leigheas leis an gComhthuiscint maidir le réiteach sealadach le haghaidh "Halloumi"/"Hellim", atá le cur chun feidhme go dtí go n-athaontófar an Chipir ("an Chomhthuiscint") nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí, comhthuiscint ar thángthas uirthi faoi threoir Uachtarán an Choimisiúin an 16 Iúil 2015, ina dtagraítear do cheapadh *Bureau Veritas*, comhlacht atá creidiúnaithe go hidirnáisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (a ionadaíodh ó thaobh brí de le hAirteagail 28 agus 29 de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) maidir le rialuithe oifigiúla) ina chomhlacht a bheidh i gceannas ar na cúraimí rialaithe dá bhforáiltear sa Rialachán deireanach sin a luadh.

(18) Táirgtear "Halloumi"/ "Hellim" sa Bhulgáir, sa Ghearmáin agus sa Ghréig. Lasmuigh den Aontas, táirgtear é san Astráil, i gCeanada, i dtíortha de Chomhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille, i roinnt tíortha sa Mheán-Oirthear (an Iaráic, an Liobáin, an tSiria), sa Nua-Shéalainn, sa Ríocht Aontaithe agus sa Tuirc. Dearbhaíonn iontrálacha agus torthaí i gcomórtais cháise ghradamacha gur rud seanbhunaithe é "Halloumi"/"Hellim" a tháirgeadh i suíomhanna lasmuigh den Chipir. Sa Ríocht Aontaithe, mar shampla, maítear go bhfuil an t-ainm "Halloumi" in úsáid le haghaidh cáis a táirgeadh ó bhí na 1980í ann, agus meastar go bhfuil thart ar 300 tona de á tháirgeadh in aghaidh na bliana.. Chomh maith leis sin, déantar táirgí den sórt sin a tháirgtear lasmuigh den Chipir agus a bhfuil an t-ainm "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" orthu a chur ar an margadh i líon mór Ballstát agus tríú tíortha.

(19) Tá an téarma "Halloumi" mar chuid de raon trádmharcanna cláraithe san Astráil, sa Ghearmáin, sa Ghréig, sa Nua-Shéalainn, sa Ríocht Aontaithe agus sa tSeicia. Tá trádmharcanna a thagraíonn do "Hellim" sa Ghearmáin, sa tSualainn agus sa Tuirc freisin. Dá bhrí sin, bheadh coinbhleacht idir an STFC atá beartaithe agus ainmneacha, trádmharcanna agus táirgí atá ann cheana agus dá réir sin d'fhéadfadh sé iad a chur i mbaol sa chás go ndéanfaí an clárú. Go háirithe, toisc trádmharcanna sonracha a bhfuil an t-ainm "Halloumi" mar chuid díobh a bheith ar mhargadh an Aontais ba cheart go gcuirfeadh sin cosc ar an gCoimisiún ainm den sórt sin a chlárú toisc go mbunaítear faoi Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 nach bhfuil ainm le clárú i gcás ina bhféadfadh clárú an ainm sin mar shonrúchán tionscnaimh nó mar thásc geografach, i bhfianaise clú agus cáil trádmhairc agus an mhéid ama atá sé in úsáid, an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorchéannacht an táirge.

([3]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ó gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

(20) Déantar "Halloumi"/ "Hellim" a tháirgeadh agus a chur ar an margadh laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon. Eisíodh caighdeáin le haghaidh táirgeadh "Halloumi"/"Hellim" i mBairéin, i gCatar agus san Araib Shádach. Is úsáid sheanbhunaithe í úsáid an ainm sin san Aontas lasmuigh de theorainneacha na Cipire. Is ábhartha an fhianaise é go n-úsáidtear an t-ainm "Halloumi"/"Hellim" go coitianta ar tháirgí cáise nach táirgí de thionscnamh na Cipire iad, rud a léireodh gur téarma cineálach anois é.

(21) Anuas air sin, sna caighdeáin "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" arna n-eisiúint ag an gCipir ní dhearnadh tagairt d'aon phór ná d'aon chrosphór ar leith caorach, gabhar ná eallach. Measann tomhaltóirí gur cineál táirge é "Halloumi"/ "Hellim". Bhí sé de chonclúid ag Cúirt Chónaidhme Cheanada agus ag an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (OHIM) (Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh anois) gur cáis chineálach é "Halloumi"/ "Hellim" ([4]).

(22) Samhlaíonn tomhaltóirí san Aontas agus i dtríú tíortha, amhail an Astráil agus an Nua-Shéalainn, "Halloumi"/ "Hellim" le cineál cáise a bhfuil leáphointe ard aige, rud a fhágann gur féidir é a ghríoscadh nó a fhriochadh, ar cineál cáise é a bhfuil uigeacht "dhíoscánach" aige mar a bheadh rubar ann, agus blas goirt air. Is iad na hairíonna blais, uigeachta agus feidhmiúla atá in "Halloumi"/"Hellim" a fhágann gur rud uathúil é do thomhaltóirí, beag beann ar thionscnamh na cáise, rud nach bhfuil ábhartha.

(23) Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar na hargóintí a nochtadh sna ráitis freasúra réasúnaithe i bhfianaise Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, agus na torthaí ar na comhairliúcháin a rinneadh idir an t-iarratasóir agus na freasúraí á gcur san áireamh, agus bhain sé de thátal as gur cheart an t-ainm "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" a chlárú. Déanann an Coimisiún an méid seo a leanas a mheas, go háirithe.

(24) Maidir le moirfeolaíocht na gcaorach agus na ngabhar incháilithe, eascraíonn sé as an bhfaisnéis atá ar fáil sa doiciméad aonair go bhfuil saintréithe moirfeolaíocha agus táirgeachta anois ag caora Chíos agus gabhar na Damaisce, caora agus gabhar a tugadh isteach sna 1950í agus sna 1930í faoi seach, atá scartha uathu siúd atá ag na pobail tionscnaimh, ag leanúint de chlár póraithe náisiúnta atá ann le fada. Mar a tharlaíonn tá an iliomad tagairtí tráchtála ar fáil ar an idirlíon i ndáil leis an trádáil idirnáisiúnta atá ar siúl leis na scórtha blianta i "gcaora Chíos de chineál Cipireach" agus i "ngabhar na Damaisce de chineál Cipireach", ón gCipir chuig 20 tír, tagairtí a thagraíonn don chlú idirnáisiúnta atá bainte amach ag an gCipir sa phórú roghnaitheach rathúil atá déanta orthu.

(25) Dá bhrí sin, an fhorbairt ar phórtha uathúla caorach agus gabhar a úsáidtear i dtáirgeadh "Χαλλούμι" (Halloumi)/ "Hellim" chomh maith le forbairt na cáise féin, ní chuireann sé faoi cheist gur tháinig ann don táirge sa 16ú haois. I gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, is ainm é "sonrúchán tionscnaimh" lena sainaithnítear táirge: (a) de thionscnamh ionad ar leith, réigiúin nó, i gcásanna eisceachtúla, tíre; (b) arb é timpeallacht gheografach ar leith agus gnéithe dúchasacha nádúrtha agus daonna na timpeallachta sin is cúis, go bunúsach nó go heisiach, lena cháilíocht nó lena shaintréithe; agus (c) ar tharla a chéimeanna táirgthe ar fad sa limistéar geografach sainithe. Dá bhrí sin, chun bheith cláraithe mar STFC, is leor go gcomhlíonfadh an t-ainm na ceanglais sin. Féadfaidh athrú dlisteanach teacht ar na coinníollacha táirgeachta de cháis ar leith le himeacht ama agus ní cheanglaítear iad a bheith gan athrú ar feadh na gcéadta blianta.

(26) I ndáil le tionchar agus fáil na beatha, tugtar le fios *inter alia* sa doiciméad aonair go bhfuil "tionchar ríthábhachtach ag an bhfásra áitiúil Cipireach arna n-ithe ag na hainmhithe, bíodh sé úr nó triomaithe, ar cháilíocht an bhainne agus ar shaintréithe sonracha na cáise ina dhiaidh sin (Papademas, 2000). Toisc bacillus Lactobacillus cypricasei (lactobacillus as cáis Chipireach) a bheith i láthair, rud nár aonraíodh ach as Halloumi Cipireacha agus as sin amháin, is dearbhú leis an nasc idir micreaflóra an oileáin agus an táirge é (Lawson et al., 2001). Luadh suirbhéanna eolaíocha chun an nasc idir an bheatha ainmhithe agus cáilíocht na cáise a dhéantar le bainne na n-ainmhithe lena mbaineann a léiriú. Léiríodh, mar shampla, gur aimsíodh comhdhúile shoghalaithe sa bhainne, arb as na plandaí a úsáideadh chun na hainmhithe a bheathú a tháinig siad (Papademas et al. 2002). Thairis sin, bunaithe ar shuirbhéanna eile, (Palmquist et al. 1993), is ag brath ar aiste bia na n-ainmhithe a bhíonn an cóimheas de shaill sa bhainne, rud atá ina gné ríthábhachtach a bhfuil tionchar aige ar shaintréithe orgánaileipteacha na cáise. Bunaithe ar shuirbhé eile (Bugaud et al. 2001), tá baint dhíreach ag an gcion teirpéine bainne le cion teirpéine na beatha a fhaightear trí innilt.

([4]) Cinneadh i bhFreasúra Uimh. B2152604, Cinneadh i bhFreasúra Uimh. B2318585, Cinneadh i bhFreasúra Uimh. B2190257, Cinneadh i bhFreasúra Uimh. B2191396, Cinneadh i bhFreasúra Uimh. B002124637.

(27) Thairis sin, is mar thoradh ar innilt plandaí atá eindéimeach sa Chipir, amhail tím agus *Sarcopoterium spinosum*, agus ionghabháil na bplandaí sin, go bhfuil na saintréithe aramatacha gaolmhara ann sa táirge deiridh.

(28) Lena chois sin, níl aon fhoráil i Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 lena gceanglaítear gur cheart dearbh-aonchineálacht a bheith sa limistéar teormharcáilte, ná gur cheart do STFC tagairt a dhéanamh do tháirgí dearbh-aonchineálacha atá caighdeánaithe go hiomlán. Dá bhrí sin, maidir le maímh na bhfreasúraithe nach bhfuil fáil ar phlandaí áitiúla, a mbíonn tionchar acu ar shainiúlachtaí táirgí, ar fud na Cipire, ní bhaineann sé le hábhar.

(29) Níor athraíodh sonraíocht táirge "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" i gcomparáid leis an gcaighdeán reachtach gaolmhar a ghlac an Chipir in 1985. Dá bhrí sin, ní fhágfadh teirce a d'fhéadfadh a bheith ann d'amhábhar a bheadh ar fáil chun an cháis sin a tháirgeadh *per se* nach bhféadfaí na sainorduithe maidir le céatadán an bhainne nó beatha ainmhithe atá san áireamh sa tsonraíocht táirge a bhaint amach. Ina theannta sin, níl tairseacha cainníochtúla táirgeachta de cheangal faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. D'ainneoin an mhéid thuasluaite, dheonaigh an Chipir idirthréimhse do na hoibreoirí nach bhfuil in ann na ceanglais maidir leis an tsonraíocht táirge a bhaint amach, chun go mbeidís in ann a dtáirgeacht a ailíniú go hiomlán leis na ceanglais i ndáil leis sin, rud a cheadófaí dóibh, faoi choinníollacha dochta, méid níos ísle de bhainne caoirigh agus gabhair a úsáid go sealadach.

(30) Maidir leis na tosca daonna agus an fios gnó a bhaineann le táirgeadh na cáise sin, tá an iliomad tagairtí ann a léiríonn gur táirgeadh sa Chipir í ó bhí 1554 ann. Tugtar le fios sa doiciméad aonair i ndáil leis sin go meastar gur cáis thraidisiúnta sa Chipir é "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim", toisc go raibh ról an-tábhachtach aici i saol agus in aiste bia mhuintir an oileáin, idir Chipirigh Ghréagacha agus Chipirigh Thurcacha. An t-eolas faoin bpróiseas táirgthe, tugadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin é. An cruth fillte is saintréith di agus a sainairí nach leánn sí ag teochtaí arda, tá siad aici de bharr an phróisis thraidisiúnta táirgthe sin a tugadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

(31) I bhfianaise imirce shaoránaigh na Cipire ar fud an domhain thar na céadta blianta, d'fhéadfadh sé gur cóipeáladh na sainmhodhanna a úsáidtear chun an cháis seo a tháirgeadh in áiteanna eile, ach mar sin féin tá nasc doscartha uathúil fós ag táirgeadh "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" le cultúr cócaireachta na Cipire.

(32) Ní féidir an ghné dhaonna a mheas mar ghné aonraithe. Tá na gnéithe daonna agus nádúrtha ceaptha le hidirghníomhú le chéile, rud a chinneann an saintoradh deiridh.

(33) Thairis sin, ní cheanglaítear le hAirteagal 7(1)(e) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 go mbeadh an t-ainm atá le clárú ag tagairt do tháirgeadh a saothraíodh le linn na gcéadta blianta le modh gan athrú. Ní cheanglaítear ach go gcuirfear san áireamh sa tsonraíocht táirge na modhanna, más ann dóibh, chun an táirge sonrach sin a fháil, ar modhanna iad atá difriúil ó na modhanna caighdeánacha a úsáidtear chun an cineál táirge sin a fháil. Dá bhrí sin ní fhéadfar agóid a dhéanamh i gcoinne incháilitheacht "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" ar an bhforas nár tháinig aon athrú ar chor ar bith ar na modhanna táirgthe.

(34) Baineann líomhaintí eile in éilimh na bhfreasúraithe leis an neamhréireacht idir an táirge a dtugtar tuairisc air sa tsonraíocht táirge agus an ceann a tháirgtear go hiarbhír a mhéid a bhaineann leis an gcion faoi seach de bhainne caoirigh, gabhair agus bó agus saintréithe áirithe de na modhanna táirgthe a leanann táirgeoirí áirithe as an bpobal Cipireach Turcach nach n-úsáidtear miontas ná bainne paistéartha iontu.

(35) Ar an gcéad dul síos, áfach, ní raibh aon fhianaise dhaingean ag gabháil le líomhaintí den sórt sin. Ar an dara dul síos, tá na ceanglais a bhaineann le miontas a chur leis, bainne paistéartha a úsáid agus an cion faoi seach de bhainne caoirigh, gabhair agus bó san áireamh cheana féin sa chaighdeán ábhartha Cipireach a glacadh in 1985. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí aon táirge nach bhfuil ag cloí leis an gcaighdeán sin a chur ar an margadh go dleathach mar "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" laistigh den Chipir, fiú más féidir é a chur ar an margadh i gcríoch tríú tíortha áit nach mbeadh an cháis sin cosanta iontu faoi láthair. Thairis sin, tá nós imeachta freasúra náisiúnta uileghabhálach déanta thar roinnt blianta ar an leibhéal náisiúnta maidir leis an iarratas reatha, agus bhí an deis ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha a easaontaíonn leis na caighdeáin tháirgthe a theastaíonn go dleathach chun a n-éilimh ghaolmhara uile a chur os comhair údaráis riaracháin agus bhreithiúnacha na Cipire. Sa chreat sin, mar a tugadh le fios, deonaíodh idirthréimhse do na hoibreoirí sin.

(36) Maidir leis an easpa fianaise eolaíoch a mhaítear i ndáil le paraiméadair agus saintréithe éagsúla atá san áireamh sa tsonraíocht táirge, is míréasúnta an rud é faisnéis atá ró-mhionsonraithe a iarraidh, bheadh ualach rómhór ag baint leis agus ní bhaineann sé le hábhar. Ní chuireann Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 de cheangal tuairisc mhionsonraithe theicniúil agus eolaíoch a thabhairt ar gach paraiméadar ná saintréith den táirge lena n-úsáidfear an STFC lena mbaineann.

(37) Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na Cipire agus níor aithníodh aon earráid fhollasach ann. Níor sheol na freasúraithe isteach fianaise a bhí réasúnaithe go leor a thaispeánann go bhfuil iarratas na Cipire fabhtach ann féin. Is forais eolaíochta neamhleora le haghaidh an iarratais, go bunúsach, a ghaireann siad. Meastar na fíricí, na ráitis, an réasúnaíocht agus na tagairtí arna gcur isteach ag an gCipir a bheith áititheach go leor le bonn cirt a thabhairt chun "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" a chlárú mar STFC faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

(38) Tá go leor gnéithe i sonraíocht táirge "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" a fhágann go bhfuil an t-ainm incháilithe mar Shonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint faoi Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012: aeráid na Meánmhara, ar samhraí teo/tirime agus geimhrí boga/fliucha is saintréithe di; an tír-raon, toisc go dtiteann méid cuibheasach ard báistí ar na sléibhte ar an oileán, agus bíonn tionchar aige sin ar hidreolaíocht agus ar thimpeallacht na limistéar níos ísle; go bhfuil, i ngeall ar struchtúr geolaíoch, aeráid, suíomh geografach agus an fharraige thart timpeall ar an gCipir, ceann de na flóraí is saibhre sa Mheánmhuir aici, in ainneoin í a bheith beag; na pórtha áitiúla de chaoirigh eireaball ramhair agus na gabhair áitiúla Machaira agus Pissouri, chomh maith le pórtha eile a chuaigh in oiriúint go maith don aeráid áitiúil; an nós áitiúil maidir leis an táirge a chócaráil ag teocht ard ar feadh aga sonrach gan leá, lena dtáirgtear leibhéil arda de chomhdhúile ceimiceacha bunúsacha áirithe a chuidíonn le blas "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" (lachtóin agus céatóin mheitile den chuid is mó) a chinneadh; filleadh tipiciúil an ghrutha, ar chuid den phróiseas táirgthe é, is rud é a dhealaíonn "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" ó gach cáis eile; agus miontas na Cipire a chur leis, rud a thugann an chumhracht is saintréith don táirge deiridh.

(39) De bhun dheighilt na gcumhachtaí idir an Coimisiún agus na Ballstáit a bhaineann leis an nós imeachta um chlárú na sonrúchán geografach faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart don Choimisiún a fhíorú nach bhfuil rian d'earráidí follasacha in iarratas ar leith, agus is iad na húdaráis inniúla náisiúnta, lena n-áirítear, más infheidhme, cúirteanna náisiúnta, is fearr atá in ann measúnú a dhéanamh ar mhionsonraí teicniúla iarratais ar leith sula ndéantar an t-iarratas ar chlárú a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(40) Go dtí go n-athaontófar an Chipir, faoi Airteagal 1(1) de Phrótacal Uimh. 10 maidir leis an gCipir a ghabhann le hAcht Aontachais 2003, cuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm an *acquis* i limistéir de Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach orthu. Dá réir sin, ní fhéadfar Rialtas na Cipire a chur faoi dhliteanas as aon iarmhairt a thagann as gan maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais sna limistéir sin. De bhun Airteagal 3 den Phrótacal sin, níl aon ní a choiscfeadh bearta lena gcuirtear chun cinn forbairt eacnamaíoch na limistéar sin. Ní dhéanfaidh bearta den sórt sin difear do chur i bhfeidhm an *acquis* faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Chonradh Aontachais in aon chuid eile de Phoblacht na Cipire. Féadfar meitheal ón dá phobal a chur le chéile i ndáil le "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" ós rud é gur léiríodh ón taithí go mbíonn ról tábhachtach ag grúpaí den sórt sin.

(41) Laistigh den chreat sin, ós rud é gur gnéithe atá i gcoiteann ag oileán iomlán na Cipire go hoibiachtúil, go traidisiúnta agus go stairiúil iad na gnéithe nádúrtha agus daonna a bhaineann le táirgeadh "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim", ba cheart oileán iomlán na Cipire a bheith san áireamh agus limistéar geografach incháilithe na cáise sin á theormharcáil.

(42) Dá réir sin, chun gur féidir limistéar geografach iomlán tháirgeadh na cáise sin a chumhdach sa chlárú, agus aird á tabhairt ar cheanglas Airteagal 46(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart d'oibreoirí atá toilteanach cloí le sonraíocht na cáise sin a bheith in ann é sin a dhéanamh gan bacainní ar rannpháirtíocht a bheith rompu a bheadh idirdhealaitheach nó nach mbeadh bonn oibiachtúil leo ar bhealach eile. Ba cheart sásra rialaithe éifeachtach marthanach, i gcomhréir le hAirteagail 35 go 40 den Rialachán sin, lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh oibreoirí

an tsonraíocht táirge ar fud an limistéir gheografaigh incháilithe a leagan síos dá bhrí sin. Ag coinneáil i gcuimhne go bhfuil an *acquis* ar fionraí sna limistéir nach bhfuil rialú éifeachtach á fheidhmiú iontu ag Rialtas Phoblacht na Cipire, ba cheart socrú inoibrithe a bhunú go heisceachtúil agus go sealadach go dtí go n-athaontófar an Chipir, chun ráthaíocht a thabhairt go bhféadfar rialuithe a fheidhmiú go héifeachtúil ar fud an oileáin, toisc gur foras le haghaidh cealú a bheadh ann dá n-uireasa i gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

(43) Le hAirteagal 37(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 déantar foráil maidir le sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint go bhféadfadh comhlachtaí tarmligthe mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(5) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/625 fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge, sula gcuirtear an táirge ar an margadh. Is daoine dlítheanacha ar leithligh iad comhlachtaí tarmligthe ar tarmligeadh cúraimí áirithe rialaithe oifigiúla chucu. Laistigh den chreat sin agus i gcomhréir leis an gComhthuiscint, agus mar gheall ar an staid eisceachtúil i limistéir de Phoblacht na Cipire ina bhfuil cur i bhfeidhm an *acquis* curtha ar fionraí iontu chomh maith, is iomchuí gurb é an comhlacht Bureau Veritas, comhlacht a bhfuil creidiúnú idirnáisiúnta aige, a cheapadh ina chomhlacht a bheidh i gceannas ar na cúraimí rialaithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 i leith na sonraíochta "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" ar fud na Cipire. Clárófar "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim", mar atá beartaithe faoin gComhthuiscint, ar choinníoll go ndéanfar na cúraimí rialaithe a tharmligean chuig Bureau Veritas i gcomhréir le hAirteagail 28 agus 29 de Rialachán (AE) 2017/625. Go deimhin, tá saineolas suntasach, le himeacht fada blianta, faighte ag Bureau Veritas maidir le STFCanna a sheiceáil, agus tá sé in ann a áirithiú go mbunófar sásra foriomlán éifeachtach, oibiachtúil agus neamhchlaonta chun na rialuithe oifigiúla a bhaineann le fíorú ar chomhlíonadh shonraíocht táirge "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" a fheidhmiú ar fud na Cipire ar leibhéal na bhfeirmeacha, muilte beatha, an bhailithe bainne, an iompair agus na monarchan cáise. Dá bhrí sin, bheadh gach táirgeoir ar fud an oileáin faoi réir ag sásra rialaithe comhchoiteann lena n-áiritheofar comhlíontacht iomlán le sonraíocht táirge "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim". Dá measfaí gurb iomchuí, ba cheart Bureau Veritas a údarú chun dul i gcomhairle leis an gComhlachas Tionscail Turcach Cipireach. Dá ndéanfadh Bureau Veritas cásanna neamhchomhlíontachta a thuairisciú agus mura ndéanfadh na táirgeoirí lena mbaineann na cásanna neamhchomhlíontachta sin a réiteach, ba cheart an ceart chun an t-ainm a úsáid a bhaint díobh i ndeireadh thiar.

(44) Mar gheall ar an staid eisceachtúil i limistéir de Phoblacht na Cipire ina bhfuil cur i bhfeidhm an *acquis* curtha ar fionraí iontu, ba cheart don toscaireacht chuig Bureau Veritas foráil a dhéanamh maidir lena tuarascálacha a sheoladh chuig údaráis inniúla Phoblacht na Cipire agus chuig an gCoimisiún. Gheobhaidh an Comhlachas Tionscail Turcach Cipireach faisnéis nuair a mheastar gurb iomchuí sin.

(45) Bíonn cearta maoine intleachtúla á rialú ag prionsabal na críochachta. Mar thoradh air sin, maidir le clárú "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" mar STFC laistigh den Aontas tá sé faoi réir na staide atá i réim ann agus faoina réir sin amháin. Maidir le táirgeadh agus cur ar an margadh cáise a bhfuil an t-ainm sin air a d'fhéadfaí a dhéanamh i dtríú tíortha, níl aon bhaint aige maidir leis sin. Ar an gcaoi chéanna, níl aon bhaint le hábhar ag caighdeáin rialála táirgeachta a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh na cáise sin lasmuigh den Aontas.

(46) Ba cheart a thabhairt le fios freisin, i gcomhréir le hAirteagal 2(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, go bhféadfar "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" a chur ar an margadh ar choinníoll go gcloítear le forálacha sonracha ábhartha eile an Aontais is infheidhme, lena n-áirítear go gcomhlíontar forálacha sláintíochta is infheidhme ar leibhéal an Aontais.

(47) Níor cuireadh aon fhianaise láidir ar fáil sa nós imeachta freasúra a mhéid a bhaineann le hallmhairiú cáise den sórt sin ó thríú tíortha isteach san Aontas. Mar thoradh air sin, níl aon fhoras ann chun idirthréimhse faoi Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 a dheonú do tháirgeoirí sonracha i dtríú tíortha.

(48) Níl aon cheist faoi ach go bhfuil an Chipir ar an táirgeoir agus ar an onnmhaireoir is mó, go mór, den cháis sin ar fud an domhain, agus í ag táirgeadh os cionn 19 500 tona in aghaidh na bliana, sin 24.4 kg per capita. Níl san áireamh sna figiúirí sin an táirgeadh i limistéir Phoblacht na Cipire nach bhfuil rialú éifeachtach á fheidhmiú ag Rialtas Phoblacht na Cipire iontu.

(49) Cláraíodh "Halloumi" mar thrádmharc in 2000 le OHIM i ndáil leis an gcáis a dhéantar sa Chipir de bhun chaighdeán ábhartha na Cipire a glacadh in 1985, rud a fhágann go bhfuil sé i gcomhréir leis an tsonraíocht "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim". Taisceadh freasúra amháin i gcoinne an chláraithe sin os comhair OHIM, ach tarraingíodh siar ina dhiaidh sin é. Dá bhrí sin, ní dhearnadh agóid i gcoinne chéannacht Chipireach na cáise sin ag an am sin. Rinne an Chúirt Ghinearálta breith freisin, go háirithe i ndáil leis na cásanna uamtha T-292/14 agus T-293/14 ([5]), go dtagraíonn "'HALLOUMI" agus "ΧΑΛΛΟΥΜΙ" do shaincháis ón gCipir. I gcás T-535/10 ([6]), chinn an Chúirt Ghinearálta go bhfuil an téarma Gréigise "Halloumi" le haistriú sa Tuircis mar "Hellim", dá bhrí sin tagraíonn an dá théarma don cháis speisialta Chipireach chéanna. I ndáil le trádmharcanna eile atá cláraithe san Aontas, dá mbeidís i gcoinbhleacht leis an sonrúchán "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim", bheadh feidhm ag forálacha Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Os a choinne sin, níor cuireadh aon ghné ar aird ag na freasúraithe a d'fhágfaí "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" gan chosaint i ngeall ar chlú nó cáil trádmhairc chláraithe roimhe sin.

(50) Bhí an Ríocht Aontaithe ina Ballstát den Aontas Eorpach nuair a thaisc sí an freasúra agus ní cuid de a thuilleadh í.

(51) De réir an ráitis freasúra réasúnaithe a chuir an Ríocht Aontaithe isteach timpeall 300 tona in aghaidh na bliana a bhí ina táirgeacht intíre, sin 0,00461 kg per capita, agus san am céanna allmhairíonn an Ríocht Aontaithe thart ar 6 500 tona den cháis sin ón gCipir in aghaidh na bliana.

(52) De réir an ráitis réasúnaithe sin, chuirfeadh clárú "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" mar shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 cosc dá bhrí sin ar úsáid an ainm "Halloumi"/"Hellim" le haghaidh táirgí cáise arna dtáirgeadh sa Ríocht Aontaithe.

(53) Cé is moite de Thuaisceart Éireann, áfach, níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le críoch na Ríochta Aontaithe toisc nach leathnófaí cosaint an ainm chuici. Maidir le Tuaisceart Éireann go háirithe, a mbeidh feidhm ag cosaint an ainm ar a chríoch, i bhfianaise na faisnéise atá san áireamh sa ráiteas freasúra réasúnaithe a chuir an Ríocht Aontaithe faoi bhráid an Choimisiúin agus an chomhthéacs fíorasach agus dlíthiúil a bhaineann le húsáid an ainm "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim", níl aon fhoras réasúnta ann le go leanfadh oibreoirí ar aghaidh den ainm "Halloumi"/"Hellim" a úsáid le haghaidh táirgí cáise a tháirgtear sa Ríocht Aontaithe.

(54) Maidir leis an ngné chineálach a mhaítear a bheith ag "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim", ba cheart a shonrú maidir leis an dearcadh i leith an téarma seo lasmuigh den Aontas Eorpach agus caighdeáin ghaolmhara rialála don táirgeadh nó cinntí breithiúnacha arna nglacadh i dtríú tíortha a d'fhéadfadh a bheith ann nach meastar an dearcadh sin a bheith ábhartha i dtaca leis an gcinneadh seo.

(55) D'ainneoin mhaímh na bhfreasúraithe, ní cineál cáise é "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" a tháirgtear ar fud na hEorpa a bhfuil ainm cineálach anois air. Is táirgeadh diomaibhseach é táirgeadh na cáise seo lasmuigh den Chipir, agus san am céanna tá an táirge ar eolas agus á ithe i dtromlach chríoch an Aontais. Níl aon ghníomh náisiúnta ná Aontais lenar bunaíodh gné chineálach an ainm "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim". Ní dhearnadh aon mhaíomh le haghaidh gné chineálach an ainm faoi chuimsiú an nós imeachta freasúra a rinneadh ar leibhéal an Aontais, cé is moite den fhreasúra ón Ríocht Aontaithe.

(56) Ar an gcaoi chéanna, baineann tomhaltas "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" laistigh de chríoch an Aontais i bhformhór mór na gcásanna le cáis a tháirgtear sa Chipir.

(57) Lena chois sin léirigh údaráis na Cipire go diongbháilte nach measann tomhaltóirí an Aontais nach bhfuil in "Halloumi" nó "Hellim" ach cineál cáise agus sin amháin, nach bhfuil aon nasc aige le tionscnamh sonrach geografach. An fhianaise a sholáthair na páirtithe leasmhara i dtionscal an bhia, na gníomhaíochtaí onnmhairiúcháin ag cuideachtaí Cipireacha le breis agus 100 bliain, an iliomad alt sna meáin agus gníomhaíochtaí promóisin/fógraíochta is léiriú thar aon amhras iad ar chéannacht intreach Chipireach na cáise sin leis na céadta blianta. Chomh maith céanna, dearbhaíonn ciclipéidí agus foclóirí mór le rá ó thíortha éagsúla agus i dteangacha éagsúla an seasamh sin agus an comhghaol eisiach idir an cháis sin agus *terroir* na Cipire.

([5]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an Ceathrú Dlísheomra) an 7 Deireadh Fómhair 2015 i gcásanna uamtha T-292/14 agus T-293/14 Poblacht na Cipire v an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (Trádmharcanna agus Dearaí).

([6]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an tOchtú Dlísheomra) an 13 Meitheamh 2012 i gcás T-535/10 Organismos Kypriakis Galaktokomikis Viomichanias v an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (Trádmharcanna agus Dearaí).

(58) Mar a tharlaíonn, tagraíonn líon áirithe lipéad "Halloumi"/"Hellim" a tháirgtear lasmuigh den Chipir go díreach nó go hindíreach don Chipir, trína thabhairt le fios go ndearnadh an cháis de réir oideas traidisiúnta nó traidisiún Cipireach nó go bhfuil sí faoi thionchar ag an oideas nó ag an traidisiún sin, nó trí íomhánna nó léiriú téacsach a úsáid a nascann le cultúr na Cipire í. An comhghaolú sin a dhéantar leis an gCipir, bíodh nach cáis Chipireach í, déantar í a mholadh agus a lorg d'aon ghnó, dá bhrí sin, mar chuid de straitéis díolacháin a bhaineann leas as clú an táirge bunaidh, rud a fhágann go bhféadfadh fíorbhaol a bheith ann go gcuirfí mearbhall ar chustaiméirí.

(59) An ráiteas ó OHIM a bhaineann leis an ngné chineálach a mhaítear a bheith ag an ainm "Halloumi" a rinneadh i gcinntí éagsúla den Bhord Achomhairc, agus go háirithe i gCinneadh an 20 Meán Fómhair 2010 agus a chuir an Chúirt Ghinearálta ar neamhní ([7]), níl ann ach *obiter dictum*. Tá an ráiteas sin ag teacht salach ar an mbreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta i gcás T-535/10, cás a thugann achoimre ar chéannacht Chipireach na cáise dá ngairtear "Halloumi" nó "Hellim", agus ní théann sé i ngleic le gné chineálach an ainm de réir bhrí Airteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Thairis sin, rinneadh an ráiteas sin sular cuireadh isteach an t-iarratas chun an t-ainm "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" a chlárú mar STFC.

(60) I litir uaithi an 9 Iúil 2014, chuir an Chipir in iúl don Choimisiún gur deonaíodh idirthréimhse 10 mbliana amhail ón dáta a cuireadh an t-iarratas faoi bhráid an Choimisiúin, le cinneadh Uimh. 326/2014 ó Aireacht Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe agus Comhshaoil Phoblacht na Cipire an 9 Iúil 2014, d'oibreoirí atá bunaithe sa limistéar geografach a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

(61) Chun am leordhóthanach a thabhairt don chomhlacht atá i gceannas ar na cúraimí rialaithe, agus na srianta breise a tháinig i gceist de bharr phaindéim COVID-19 á gcur san áireamh chomh maith, lena phlean rialaithe a chur ar bun agus a chur chun feidhme, plean ar trína bhíthin a fhéadfar na hoibreoirí uile sa limistéar geografach, atá toilteanach cloí le rialacha na scéime, a chumhdach leis an gcóras fíorúcháin is infheidhme, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí 1 Deireadh Fómhair 2021.

(62) Ba cheart an t-ainm "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" a chlárú dá bhrí sin sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint.

(63) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an t-ainm "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" (STFC) cláraithe anois.

Leis an ainm dá dtagraítear sa chéad mhír sainaithnítear táirge as Aicme 1.3. Cáiseanna a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([8]).

Airteagal 2

Beidh an chosaint don ainm "Χαλλούμι" (Halloumi)/"Hellim" (STFC) faoi réir ag an idirthréimhse 10 mbliana a dheonaigh an Chipir, faoi Chinneadh Uimh. 326/2014 Aireacht Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe agus Comhshaoil Phoblacht na Cipire an 9 Iúil 2014, do na hoibreoirí atá bunaithe sa limistéar geografach a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([7]) Cinneadh ón gceathrú bord achomhairc de chuid OHIM an 20 Meán Fómhair 2010 (cás R 1497/2009-4), arna neamhniú le breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) an 13 Meitheamh 2012 i gcás T-535/10

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN